2026/1799

28.7.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1799 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Iúil 2026

lena n-údaraítear modhanna grádúcháin chun conablaigh muc a aicmiú san Ísiltír agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/303/AE

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 5120)

(Is é an téacs Ollainnise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 20, an chéad mhír, pointí (p) agus (t), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, foráiltear go mbeidh feidhm ag scálaí an Aontais um aicmiú conablach muc i gcomhréir le pointe B d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin. Maidir le haicmiú conablach muc, foráiltear le Roinn B.IV, pointe 1, d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin go bhfuil measúnú le déanamh ar an gcion feola trua trí bhíthin modhanna grádúcháin a údaróidh an Coimisiún, nach bhféadfar a údarú ach modhanna measúnaithe atá cruthaithe de réir staidrimh bunaithe ar thomhas fisiceach cuid anatamaíoch amháin nó níos mó den chonablach muice agus go bhfuil modhanna grádúcháin faoi réir comhlíonadh ráta uaslamháltais le haghaidh earráid staidrimh le linn measúnú. Sainítear an lamháltas sin i gCuid A, pointe 1, an dara mír, d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1182 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/303/AE ón gCoimisiún ([3]), údaraíodh trí mhodh a úsáid chun conablaigh muc a ghrádú san Ísiltír.

(3) D'iarr an Ísiltír ar an gCoimisiún údarú na modhanna 'Hennessy Grading Probe (HGP 7)' agus 'CSB Image-Meater (CSB)' a tharraingt siar

(4) D'iarr an Ísiltír ar an gCoimisiún freisin na modhanna nua seo a leanas a údarú: 'AutoFom IV', 'CSB Image-Meater 2.0' agus 'Fat-O-Meater II (FOM II)'. Chun na críche sin, chuir an Ísiltír tuairisc mhionsonraithe ar an triail dhiosctha i láthair, lena léirítear na prionsabail ar a bhfuil an modh nua sin bunaithe, torthaí na trialach diosctha agus na cothromóidí a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar an gcéatadán feola trua sa phrótacal dá dtagraítear in Airteagal 11(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1182.

(5) D'iarr an Ísiltír ar an gCoimisiún freisin foirmle cothrom le dáta a údarú le haghaidh an mhodha 'Capteur Gras Maigre (CGM)' atá údaraithe cheana féin le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/303/AE chun conablaigh muc a ghrádú ar a críoch.

(6) Trí scrúdú a dhéanamh ar na hiarrataí sin, fuarthas amach i gcás na n-iarrataí sin uile go gcomhlíontar na coinníollacha agus na híoscheanglais maidir leis na modhanna nua grádúcháin a údarú agus na cothromóidí le haghaidh na modhanna údaraithe a thabhairt cothrom le dáta mar a leagtar síos i gCuid A d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1182. Ba cheart, dá bhrí sin, an modh nua grádúcháin agus na foirmlí nua a údarú san Ísiltír.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1182 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le scálaí an Aontais um chonablaigh mart, muc nó caorach a aicmiú agus a mhéid a bhaineann le praghsanna margaidh aicmithe áirithe conablach agus ainmhithe beo a thuairisciú (IO L 171, 4.7.2017, lch. 74, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/1182/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/303/AE ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2011 lena n-údaraítear modhanna chun conablaigh muc a ghrádú san Ísiltír (IO L 136, 24.5.2011, lch. 95, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2011/303/oj).

(7) Níor cheart modhnuithe ar na modhanna grádúcháin ná ar an ngléasra lena mbaineann a cheadú, ach amháin má údaraítear sin go sainráite le cinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún.

(8) Ar chúiseanna soiléireachta agus deimhneachta dlíthiúla, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/303/AE a aisghairm.

(9) Chun go mbeidh am leordhóthanach ag oibreoirí oiriúnú do na ceanglais theicniúla maidir le gairis nua agus cothromóidí nua a thabhairt isteach, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údaraítear úsáid na modhanna grádúcháin seo a leanas chun measúnú a dhéanamh ar chion feola trua na gconablach muc de bhun Roinn B.IV, pointe 1, d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 san Ísiltír:

(a) an gléasra 'AutoFom IV' agus na modhanna measúnaithe lena mbaineann, a leagtar amach sonraí ina leith i gCuid I den Iarscríbhinn;

(b) an gléasra 'CSB Image-Meater 2.0' agus na modhanna measúnaithe lena mbaineann, a leagtar amach sonraí ina leith i gCuid II den Iarscríbhinn;

(c) an gléasra 'Fat-O-Meat'er II (FOM II)' agus na modhanna measúnaithe lena mbaineann, a leagtar amach sonraí ina leith i gCuid III den Iarscríbhinn.

(d) an gléasra 'Capteur Gras Maigre (CGM)' agus na modhanna measúnaithe lena mbaineann, a leagtar amach sonraí ina leith i gCuid IV den Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún údarófar modhnuithe ar na modhanna údaraithe grádúcháin nó ar an ngléasra lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 1.

Airteagal 3

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/303/AE.

Airteagal 4

Is chuig Ríocht na hÍsiltíre a dhírítear an Cinneadh seo.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2027.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Christophe HANSEN
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

MODHANNA GRÁDÚCHÁIN CHUN CONABLAIGH MUC A AICMIÚ SAN ÍSILTIR

CUID I

AutoFOM IV

(1) Beidh feidhm ag na rialacha dá bhforáiltear sa Chuid seo nuair a dhéanfar conablaigh muc a aicmiú trí bhíthin an ghléasra 'Autofom IV'.

(2) Tá 25 thrasduchtóir ultrasonacha banda leathain sa ghléasra (Frontmatec A/S), agus tá fad oibriúcháin 16,5 mm idir na trasduchtóirí. Is éard atá sna sonraí ultrasonacha tomhais tiúis saille droma, tiúis matáin agus paraiméadar lena mbaineann. Tiontóidh ríomhaire torthaí na dtomhas ina meastacháin ar chéatadán na feola trua.

(3) Ríomhfar cion feola trua an chonablaigh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$Y = 64{,}48671 - 0{,}37519 \times R2P4 - 0{,}34035 \times R2P10 + 0{,}03625 \times R3P9,$$

I gcás:

Y = céatadán measta na feola trua,

R2P4 = tiús na saille droma (gan an craiceann a áireamh) ina mhilliméadair, i suíomh P2,

R2P10 = tiús íosta na saille droma (gan an craiceann a áireamh) ina mhilliméadair sa chonablach iomlán (is é an pointe sin a shainíonn suíomh MFT1),

R3P9 = tiús an luain ina mhilliméadair i suíomh MFT1.

Tagraíonn MFT do shuíomh an tiúis saille íosta (gan an craiceann a áireamh). Tagraíonn MFT1 don tiús saille íosta sa chonablach iomlán agus tagraíonn MFT2 don tiús saille íosta sa luan is gaire do bhun an eagair. Tá suíomh P2 70 milliméadar ón dromlach in MFT2.

Beidh an fhoirmle sin bailí le haghaidh na gconablach ina bhfuil meáchan idir 60 agus 140 kg meáchan te.

CUID II

CSB Image-Meater 2.0

(1) Beidh feidhm ag na rialacha dá bhforáiltear sa Chuid seo nuair a dhéanfar conablaigh muc a ghrádú trí bhíthin an mhodha ar a dtugtar 'CSB Image-Meater 2.0'.

(2) Is éard atá sa ghléasra CSB Image-Meater 2.0 (CSB-System SE) treoirbharra díreach, ceamara dubh/bán mionuilleach, ceithre bharra soilse LED i gcruth rombais agus ríomhaire pearsanta le haghaidh anailís íomhánna. Déantar athróga uile Image-Meater a thomhas ag an líne scoilte sa limistéar liamháis (thart timpeall an *musculus gluteus medius*). Tiontóidh ríomhaire torthaí na dtomhas ina meastacháin ar chéatadán na feola trua.

(3) Ríomhfar cion feola trua an chonablaigh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$Y = 66{,}56517 - 0{,}18436 \times ZPF + 0{,}04177 \times ZPM - 0{,}14654 \times MF - 0{,}17818 \text{ x} \times V4F,$$

I gcás:

Y = céatadán measta na feola trua,

ZPF = an tiús saille is lú (lena n-áirítear an craiceann) ina mhilliméadair thar an *musculus gluteus medius*,

ZPM = tiús an mhatáin lumbaigh ina mhilliméadair, a thomhaistear mar an t-achar is giorra ó cheann tosaigh (cráiniach) an *musculus gluteus medius* go himeall uachtarach (droim) chanáil an dromlaigh;

MF = meántiús saille ina mhilliméadair den *musculus gluteus medius*,

V4F = meántiús saille (mm) os cionn an cheathrú veirteabra.

Beidh an fhoirmle sin bailí le haghaidh na gconablach ina bhfuil meáchan idir 60 agus 140 kg meáchan te.

CUID III

Fat-O-Meat'er II (FOM II)

(1) Beidh feidhm ag na rialacha dá bhforáiltear sa Chuid seo nuair a dhéanfar conablaigh muc a aicmiú trí bhíthin an ghléasra 'Fat-O-Meat'er II (FOM II)'.

(2) Is éard atá sa ghléasra FOM II (Frontmatec A/S) eilimint braiteora optúil, gaireas tomhais doimhneachta agus clár fála agus anailíse sonraí mar aon le taispeáint.

(3) Ríomhfar cion feola trua an chonablaigh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$Y = 68{,}94293 - 0{,}80855 \times X_1 + 0{,}02912 \times X_2,$$

I gcás:

Y = céatadán measta na feola trua,

X_1 = tiús na saille droma (lena n-áirítear an craiceann) ina mhilliméadair, a thomhaistear go hingearach 7 gceintiméadar ó mheánlíne an chonablaigh ar an taobh amuigh agus 4 cheintiméadar ó mheánlíne an chonablaigh ar an taobh istigh, idir an dara agus an tríú heasna dheireanach,

X_2 = tiús an mhatáin ina mhilliméadair, a thomhaistear go hingearach 7 gceintiméadar ó mheánlíne an chonablaigh ar an taobh amuigh agus 4 cheintiméadar ó mheánlíne an chonablaigh ar an taobh istigh, idir an dara agus an tríú heasna dheireanach,

Beidh an fhoirmle sin bailí le haghaidh na gconablach ina bhfuil meáchan idir 60 agus 140 kg meáchan te.

CUID IV

'Capteur Gras Maigre (CGM)'

(1) Beidh feidhm ag na rialacha dá bhforáiltear sa Chuid seo nuair a dhéanfar conablaigh muc a ghrádú trí bhíthin an mhodha ar a dtugtar 'Capteur Gras Maigre (CGM)'.

(2) Tá an gléasra CGM (Fives Syleps) feistithe le tóireadóir 8 milliméadar arb é atá ann eilimint braiteora optúil, gaireas tomhais doimhneachta agus clár fála agus anailíse sonraí. Tiontaíonn ríomhaire torthaí na dtomhas ina meastachán ar an gcion feola trua.

(3) Ríomhfar cion feola trua an chonablaigh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$Y = 69{,}14504 - 0{,}77025 \times X_1 + 0{,}00922 \times X_2$$

I gcás:

Y = céatadán measta na feola trua,

X_1 = tiús na saille droma (lena n-áirítear an craiceann) ina mhilliméadair, a thomhaistear go hingearach 6 cheintiméadar ó mheánlíne an chonablaigh ar an taobh amuigh agus 2,5 ceintiméadar ó mheánlíne an chonablaigh ar an taobh istigh, idir an tríú agus an ceathrú heasna dheireanach,

X_2 = tiús an mhatáin ina mhilliméadair, a thomhaistear go hingearach 6 cheintiméadar ó mheánlíne an chonablaigh ar an taobh amuigh agus 2,5 ceintiméadar ó mheánlíne an chonablaigh ar an taobh istigh, idir an tríú agus an ceathrú heasna dheireanach.

Beidh an fhoirmle sin bailí le haghaidh na gconablach ina bhfuil meáchan idir 60 agus 140 kg meáchan te.